C/2025/5041

15.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12083 — SANMINA / ZT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5041)

1. An 8 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Sanmina Corporation (‘**Sanmina**’, Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— ZT Group Int.’l (‘**ZT**’, Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú Advanced Micro Devices (‘**AMD**’, Stáit Aontaithe Mheiriceá). Tar éis athstruchtúrú a rinneadh le déanaí, aistríodh gnó deartha freastalaí agus seirbhísí gaolmhara ZT chuig AMD, agus coinníonn ZT a ghnó monaraíochta freastalaí.

Gheobhaidh Sanmina rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar ZT.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí domhanda é Sanmina de réitigh chomhtháite mhonaraíochta, comhpháirteanna, táirgí agus deisiú, lóistíocht agus seirbhísí iar-mhargaidh sa tionscal leictreonaice, go príomha le haghaidh feidhmeanna tionsclaíocha, leighis, cosanta agus aeraspáis, mótarfheithiclí, líonraí cumarsáide agus néalbhonneagair,

— Is soláthraí de réitigh freastalaí saintógtha é ZT le haghaidh lárionaid sonraí, go háirithe soláthraithe néalseirbhísí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12083 — SANMINA / ZT

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an ‘Rialachán um Chumaisc’).
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË